
# POLASAÍ I DTAOBH NA BULAÍOCHTA

**Rinneadh uasdátú ar pholasaí Feachtas i dtaobh na Bulaíochta i Mí Eanáir 2015.**

## Réamhrá

Tá Feachtas tiomanta do thimpeallacht shlán shábháilte agus fháiltiúil a chothú dá bhaill foirne agus do **GACH** duine óg a ghlacann páirt in imeachtaí na heagraíochta. Bítear ag súil leis go dtugann baill foirne (íoctha agus deonach) aghaidh ar iompar agus ar dhearcthaí ar bith a chruthaíonn timpeallacht ina mothaíonn daoine óga nach bhfuil fáilte rompu ag imeachtaí Feachtas nó go bhfuil siad i gcontúirt. Sa chás go dtarlaíonn aon eachtraí bulaíochta, fiosrófar ar an bpointe iad agus rachfar i ngleic leo. Tá gach sórt bulaíochta san áireamh anseo:




## Aidhm an pholasaí seo

- **GACH** duine óg a ghlacann páirt in imeachtaí Feachtas a chosaint ó bhulaíocht.
- An bhulaíocht a chosc chomh fada agus is féidir ag imeachtaí Feachtas.

- Cur chuige comhsheasmhach maidir leis an mbulaíocht a aithint agus dul i ngleic léi.
- Deimhniú a thabhairt do dhaoine óga go rachfar i ngleic le haon ábhar imní atá acu i dtaobh na bulaíochta go héifeachtach agus go tuisceanach.
- Eolas a thabhairt do bhaill foirne, d'oibrithe deonacha, do dhaoine óga agus a dteaghlaigh maidir le céard is ceart dúinn ar fad a dhéanamh chun an bhulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

## Céard is brí leis an mbulaíocht?

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.
(http://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Gn%C3%A1sanna-Frithbhula%C3%ADochta-Bunscoile-agus-Iar-bhunscoile.pdf)

## Conas a dhéileálann Feachtas le bulaíocht

Tá Feachtas go hiomlán i gcoinne na bulaíochta agus ní ghlacfar le bulaíocht de chineál ar bith san eagraíocht. Glacfar mar shárú ar Chód iompair Feachtas aon chás bulaíochta agus leanfar córas smachta na heagraíochta ag déileáil le heachtraí. Tá sé de cheart ag gach duine óg a ghlacann páirt in imeachtaí Feachtas é sin a dhéanamh i dtimpeallacht shlán shábháilte chomhbhách. Tá sé de fhreagracht orthu freisin bheith rannpháirteach, pé bealach gur féidir leo, i gcothú agus i gcosaint na timpeallachta seo.

## Próiseas

- Déanfar fiosrúchán ar an eachtra bhulaíochta.
- Labhrófar leis an duine óg a ndearnadh bulaíocht air nó a bhfuil bulaíocht á déanamh air.

- Labhrófar leis an duine óg ar cuireadh an bhulaíocht ina leith.
- Coimeádfar cuntas scríofa ar an eachtra agus cuirfear in áit shábháilte é.

Bainfear úsáid as ceann de na hiarmhairtí seo a leanas chun déileáil le haon eachtra bulaíochta.

1. **Rabhadh** a thabhairt don duine óg a bhí i mbun bulaíochta. Ba chóir a mhíniú go soiléir nach bhfuil a chuid iompair inghlactha in Feachtas, mar aon leis na hiarmhairtí má leantar ar aghaidh leis an iompar sin.

2. **Sos ón ngníomhaíocht féin**. Gan ligean don duine óg páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht ar feadh seala. Taispeánann sé seo nach nglacfar le hiompar den chineál seo, agus cosnaíonn sé an té a bhfuil bulaíocht á déanamh air.

3. **Sos ón gClub**. Má leanann an bhulaíocht ar aghaidh, in ainneoin rabhadh agus sosanna ó ghníomhaíochtaí, d'fhéadfaí a chur in iúl don duine óg nach bhfuil cead aige freastal ar an gclub an chéad seachtain eile, nó i gcásanna níos tromchúisí, ar feadh roinnt seachtainí.

4. **Cur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí.** I gcásanna nuair a iarrfar ar dhuine óg gan freastal ar an gClub ar feadh seala, cuirfear é seo in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus coinneofar taifead den teagmháil.

5. **Cruinniú maidir le teacht ar ais**. Má tá duine óg tar éis bheith ar shos ón gClub, tabharfar cuireadh dó agus dá thuismitheoirí/chaomhnóirí teacht chuig cruinniú chun caint faoi theacht ar ais chuig an gClub.

## Freagrachtaí ball foirne

Ba chóir d’fhoireann Feachtas na dea-chleachtais oibre seo a leanas a leanúint chun a chinntiú go mbeidh gach duine óg sábháilte agus go mbeidh eispéireas fiúntach aige i gcónaí. Tá sé d’fhreagracht ar gach ball foirne caidrimh oscailte, dhearfacha agus thacúla a bhunú a chinnteoidh go mothaíonn gach duine óg go n-éistear leis agus go bhfuil ardmheas orthu, go bhfuil siad sásta, sábháilte agus rannpháirteach. Ba cheart go dtuigfeadh gach ball foirne na polasaithe in aghaidh idirdhealaithe, in aghaidh na bulaíochta agus i dtaobh cosanta leanaí.

- Feitheoireacht chuí a dhéanamh ar na daoine óga.
- Béim a chur go rialta ar an mbulaíocht agus na himpleachtaí a bhaineann léi.
- Go bhfuil gach duine óg a fhreastalaíonn ar imeachtaí Feachtas ar an eolas nach nglactar le bulaíocht san eagraíocht.
- Traenáil a bheith déanta leis an bhfoireann agus treoracha a bheith tugtha don fhoireann maidir le conas déileáil le heachtraí bulaíochta.
- Féinmhuinín, féinmheas agus meas do dhaoine eile a chothú sna daoine óga.
- Na caighdeáin arda iompair phearsanta agus shóisialta lena mbíonn muid ag súil ó na daoine óga a léiriú i gcónaí muid féin.
- Bheith airdeallach ar chomharthaí sóirt na bulaíochta agus na hanacara.
- Éisteacht le daoine óga ar a ndearnadh bulaíocht, glacadh leis an rud atá ráite acu go dáiríre agus gníomhú chun tacú leo agus chun iad a chosaint.
- Eachtraí bulaíochta a thuairisciú do theagmhálaí ainmnithe na heagraíochta.
- Go stoptar an bhulaíocht agus go dtéitear i ngleic le hiompar an bhulaí.
- Go gcuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas ar bhonn leanúnach, sin mura gcuirfeadh a leithéid an leanbh/duine óg i mbaol níos mó.

## Freagrachtaí daoine óga

Bíonn Feachtas ag súil go ndéanfadh gach duine óg a ghlacann páirt in imeachtaí Feachtas:

- **Meas** a léiriú dá chéile, do cheannairí sna Clubanna agus do bhaill foirne Feachtas
- Cloí le pé **rialacha agus treoirlínte** atá leagtha síos ag an gClub / ag Ionaid do thurais, etc.
- **Fáilte** a chur roimh dhaoine óga eile chuig an gClub/Imeachtaí Feachtas.
- Bheith **rannpháirteach** i ngníomhaíochtaí Feachtas chomh fada agus is féidir.
- Bheith **tuisceanach** agus meas a léiriú do bhaill an phobail

# Taifead ar eachtra bhulaíochta

| | |
|---|---|
| **Dáta** | |
| **Am** | |
| **Ainm an duine óig a cuireadh an bulaíocht ina leith** | |
| **Ainm an duine a rinne an bhulaíocht** | |
| **Ainm an bhaill foirne** | |
| **Ainmneacha an duine/na ndaoine a bhí páirteach san eachtra**<br>•<br>•<br>•<br>•<br>• | |
| **Mionsonraí na heachtra** | |
| **Áit ar tharla an eachtra** | |

| | |
|---|---|
| **Gníomh a tógadh** | |
| **Sínithe**<br><br>**Dáta** | |

**Acmhainní eile maidir leis an mbulaíocht**

http://www.gcchiarrai.ie/docs/Polasai_Frith-Bulaiocht.pdf

http://www.gsreodv.com/joomla/index.php?option=com_content&view=article&id=12&Itemid=20&lang=ga

http://www.gaelscoilbhailemunna.ie/media/files/Polasaithe/Polasa%C3%AD%20Frith%20bhula%C3%ADochta.pdf

http://www.osrai.com/polasaithe-na-scoile-school-policies/polasai-in-aghaidh-bulaiochta/

http://scoilnatulai.com/polasaithe/polasai-frith-bhulaiochta/

http://colaisteailigh.com/Facilities/PolasaidtaobhBulaochta